Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**11212/24**

**JAI 1045**
**FRONT 198**
**MIGR 281**
**COMIX 287**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9942/24 |
| Ábhar: | Meastóireacht ar an Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach, lena n-áirítear an t-athbhreithniú ar an mBuanchór<br>– Conclúidí ón gComhairle (13 Meitheamh 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an meastóireacht ar an Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach, lena n-áirítear an t-athbhreithniú ar an mBuanchór, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an gcruinniú a bhí aici an 13 Meitheamh 2024.

## Conclúidí ón gComhairle maidir leis an meastóireacht ar an Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach[1], lena n-áirítear an t-athbhreithniú ar an mBuanchór

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas,

*Ginearálta*

1. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an meastóireacht ar Rialachán EBCG mar rannchuidiú leis an measúnú ar na torthaí a bhain Gníomhaireacht EBCG amach (dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta) agus na gníomhaíochtaí atá le déanamh ag pobal EBCG chun tacú le cur chun feidhme iomlán an Rialacháin agus chun bainistiú comhtháite ar theorainneacha seachtracha (EIBM) éifeachtach agus éifeachtúlacht bheartas an Aontais um fhilleadh a áirithiú.

2. MEABHRAÍTEAR DI gur cuireadh Rialachán EBCG chun feidhme i gcomhthéacs na ndúshlán imirce ag teorainneacha seachtracha an Aontais agus sna príomhthriú tíortha tionscnaimh agus idirthurais, phaindéim COVID-19, chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine chomh maith le cásanna ionstraimiú na himirce.

3. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur rannchuidigh cur chun feidhme an Rialacháin le bainistiú theorainneacha seachtracha an Aontais a neartú, le héifeachtúlacht bheartas an Aontais um fhilleadh a fheabhsú agus le seoladh Bhuanchór EBCG de réir a chéile a cheadú; LEAGANN SÍ BÉIM AR A RIACHTANAÍ ATÁ SÉ gurb é príomh-mhisean na Gníomhaireachta tacú leis na Ballstáit sna hiarrachtaí sin.

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an measúnú dearfach ar ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach AE an Rialacháin agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá aghaidh a thabhairt ar bhearnaí a sainaithníodh agus díriú ar chur chun feidhme agus ar chomhdhlúthú breise chun acmhainneacht iomlán phobal EBCG a bhaint amach agus, ag an am céanna, tosú ar mhacnamh a dhéanamh ar leasuithe spriocdhírithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an Rialachán.

---

[1] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2019/1896 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach, lena n-áirítear athbhreithniú ar an mBuanchór (5490/24 + ADD 1 + ADD 2)

5. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a chuireann teorainn faoi láthair le héifeachtacht an Rialacháin mar thoradh ar easnaimh eagraíochtúla, theicniúla agus oibríochtúla.

6. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, le méadú ar na cúraimí a chuirtear ar an nGníomhaireacht agus ar phobal EBCG, go háirithe mar thoradh ar chur chun feidhme théacsanna reachtacha an Chomhshocraithe maidir le Tearmann agus Imirce chomh maith le teacht i bhfeidhm na gcóras faisnéise Eorpach nua, go mbeidh sé ríthábhachtach tús áite a thabhairt do phríomhchúraimí na Gníomhaireachta agus úsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainní, agus cás sonrach gach Ballstáit á chur san áireamh, *inter alia*, saintréithe geografacha agus geopholaitiúla.

*Struchtúr rialachais*

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an measúnú ón gCoimisiún go bhfuil dáileadh na gcúraimí idir an Bord Bainistíochta agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin Frontex chomh maith leis an struchtúr maoirseachta soiléir agus éifeachtach; TUGANN SÍ DÁ hAIRE an gá atá le struchtúr eagraíocht na Gníomhaireachta a ailíniú go hiomlán leis an sainordú atá aici; sa chomhthéacs sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá leis an struchtúr eagraíochtúil nua a ghlac an Bord Bainistíochta i mí na Samhna 2023 a chur chun feidhme ina iomláine.

*Feasacht staide*

8. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le léiriú staide atá cuimsitheach, cruinn agus cothrom le dáta ag teorainneacha seachtracha an Aontais; LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le príomh-chomhpháirteanna bainistithe chomhtháite ar theorainneacha seachtracha a chumhdach in anailísí riosca; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sonraí ardcháilíochta agus úsáid na sonraí sin ó na huirlisí feasachta staide uile, lena n-áirítear anailísí riosca agus measúnuithe leochaileachta, chun léargas comhdhlúite gar d’fhíor-am a fháil ar an staid ag na teorainneacha seachtracha, lena n-áirítear an limistéar réamhtheorann, agus chun rannchuidiú le gníomhaíochtaí coiriúla trasteorann agus imirce neamhrialta a bhrath, a chosc agus a chomhrac chomh maith le rannchuidiú lena áirithiú go ndéanfar beatha imirceach a chosaint agus a shábháil; sa chomhthéacs sin, IARRANN SÍ go ndéanfaí faisnéis a mhalartú go héifeachtach idir gníomhaireachtaí an Aontais agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le forbairt EUROSUR a thabhairt chun críche.

*Gníomhaíochtaí oibríochtúla*

9. MOLANN SÍ an Ghníomhaireacht as tacaíocht theicniúil agus oibríochtúil a thabhairt do na Ballstáit, go háirithe an cúnamh a thugann sí maidir le bearta rialaithe teorann a chur chun feidhme, maidir le hoibríochtaí comhpháirteacha agus maidir le raon iomlán na seirbhísí a bhaineann le filleadh a sholáthar; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá a áirithiú go mbeidh modhanna oibre na Gníomhaireachta inoiriúnaithe do réaltachtaí agus riachtanais éagsúla na mBallstát agus don staid ag teorainneacha seachtracha agus comharsanacht an Aontais, agus aird chuí á tabhairt ar theacht chun cinn *modi operandi* nua líonraí smuigleála agus líonraí coiriúla, agus cearta bunúsacha á n-urramú go hiomlán ag an am céanna.

*An Buanchór agus forbairt cumais*

10. DEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá Buanchór a bheidh ag feidhmiú go hiomlán agus a bheidh dírithe ar cháilíocht, agus a thacóidh leis na Ballstáit ar an láthair; sa chomhthéacs sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le próisis earcaíochta éifeachtúla, le himscaradh agus le hoiliúint leordhóthanach, go háirithe do shaineolaithe speisialaithe agus do phróifílí speisialaithe; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá comhdhéanamh agus saineolas an Bhuanchóir a mhionchoigeartú chun na riachtanais oibríochtúla atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a léiriú ar bhealach níos fearr; LEAGANN SÍ BÉIM ar an gá atá le solúbthacht chun baill foirne agus trealamh a ath-leithdháileadh tar éis athruithe ar na riachtanais oibríochtúla nó ar acmhainneachtaí óstála ag codanna den teorainn sheachtrach; LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá aghaidh a thabhairt ar na teorainneacha a eascraíonn as Rialacháin Foirne an Aontais a mbíonn tionchar acu ar éifeachtacht an imscartha trí rialacha iomchuí cur chun feidhme a ghlacadh.

11. DEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá tiomantas na mBallstát rannchuidiú leis an mBuanchór chun imscaradh éifeachtach a chumasú lena léirítear riachtanais oibríochtúla na mBallstát.

12. Agus an Buanchór á fhorbairt agus á imscaradh a thuilleadh, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le bacainní praiticiúla a chur san áireamh, mar shampla nósanna imeachta chun rochtain a fháil ar bhunachair sonraí náisiúnta, bacainní teanga nó acmhainneachtaí óstála na mBallstát.

13. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil gá le cumais threisithe rialaithe teorann agus bonneagar treisithe rialaithe teorann, modhanna faireachais agus trealamh, lena n-áirítear trealamh teicniúil atá faoi úinéireacht ghníomhaireachta, chun bainistiú comhtháite éifeachtach ar theorainneacha seachtracha a bhaint amach; chun pleanáil straitéiseach chomhtháite fhadtéarmach agus intuarthacht do phríomhinfheistíochtaí i gcumais ag an nGníomhaireacht agus ag na Ballstáit a áirithiú, LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé an treochlár cumais agus na pleananna náisiúnta forbartha cumais a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta, i gcomhréir le timthriall beartais straitéiseach ilbhliantúil an bhainistithe chomhtháite ar theorainneacha seachtracha.

*An ghné sheachtrach*

14. MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá gné sheachtrach EBCG; sa chomhthéacs sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le cur chuige comhordaithe ina mbeidh na gníomhaithe ábhartha rannpháirteach, lena nascfar feasacht staide agus treochtaí ag na teorainneacha seachtracha agus sna príomhthíortha tionscnaimh agus idirthurais, le gníomhaíochtaí oibríochtúla, lena n-áirítear filleadh.

15. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé comhaontuithe stádais nó socruithe oibre a thabhairt i gcrích agus a oibríochtú le príomhthíortha tionscnaimh agus idirthurais, sa bhreis ar chomhpháirtíochtaí straitéiseacha atá ann cheana agus ar chomhpháirtíochtaí straitéiseacha nua le tríú tíortha tábhachtacha, d'fhonn, *inter alia*, cosc a chur ar imeachtaí neamhrialta chuig an Aontas; sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil sé ríthábhachtach i gcónaí muinín a chothú, cúnamh teicniúil a chur ar fáil agus acmhainneacht a fhorbairt i dtríú tíortha.

*Filleadh*

16. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá tacaíocht Frontex don fhilleadh, don ath-imeascadh agus don athligean isteach, agus an gá atá leis an tacaíocht sin a choinneáil amach anseo, i gcomhréir le riachtanais oibríochtúla na mBallstát.

17. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá don Bhord Bainistíochta stiúradh straitéiseach a chur ar fáil maidir le saincheisteanna a bhaineann le filleadh bunaithe ar an bplé a rinneadh ar leibhéal na saineolaithe agus ar an ardleibhéal agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, ar an nGníomhaireacht agus ar an bhfóram ardleibhéil iomchuí maidir le filleadh feabhas a chur ar an gcomhordú chun a áirithiú go rannchuideoidh gníomhaíochtaí oibríochtúla na Gníomhaireachta le cur chun feidhme thosaíochtaí an Aontais.

18. IARRANN SÍ go neartófaí, i gcás inar gá, rialachas náisiúnta bainistithe chomhtháite ar theorainneacha seachtracha chun an seasamh náisiúnta maidir le filleadh a chuíchóiriú.

19. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint ar na féidearthachtaí atá ann don Ghníomhaireacht tacaíocht oibríochtúil a chur ar fáil do thríú tíortha chun oibríochtaí um fhilleadh chuig tríú tíortha eile a eagrú.

*Cearta bunúsacha*

20. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé a áirithiú go ndéanfar cearta bunúsacha a urramú, a chosaint agus a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí na Gníomhaireachta; LEAGANN SÍ BÉIM ar thoradh na meastóireachta go rannchuidítear leis an gcreat um chearta bunúsacha atá i bhfeidhm sa Ghníomhaireacht le sáruithe ar chearta bunúsacha a chosc i gcomhthéacs tacaíocht a sholáthar do na Ballstáit agus do thríú tíortha; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR ról tábhachtach an oifigigh um chearta bunúsacha; sa chomhthéacs sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé, i gcomhréir le Rialachán EBCG, go sannfaidh an t-oifigeach um chearta bunúsacha duine amháin ar a laghad den lucht faireacháin ar chearta bunúsacha do gach oibríocht; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le comhairliúcháin roimh ré leis na Ballstáit agus nósanna imeachta oibríochta caighdeánacha á bhforbairt acu do lucht faireacháin ar chearta bunúsacha in oibríochtaí.

*Conclúid*

21. Agus ról an Bhoird Bainistíochta á aithint aici, DEARBHAÍONN SÍ go gcuirfidh an Chomhairle treoir pholaitiúil agus straitéiseach iomchuí ar fáil maidir leis na bearta a bheidh le glacadh ag pobal EBCG, chun cur chun feidhme éifeachtúil comhordaithe Rialachán EBCG a áirithiú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an dul chun cinn agus tuairisciú a dhéanamh ar na bearta chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí a sainaithníodh d’fhonn leasuithe tráthúla ar an Rialachán a mholadh i gcás inar gá agus tar éis measúnú tionchair críochnúil a dhéanamh.